BREITHIÚNAS NA CÚIRTE (an Ceathrú Dlísheomra)

4 Deireadh Fómhair 2024*

(Tarchur chun réamhrialú – Daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil – Rialachán (AE) 2016/679 – Líonraí sóisialta ar líne – Coinníollacha ginearálta úsáide a bhaineann le conarthaí a thugtar i gcrích idir ardán digiteach agus úsáideoir – Fógraíocht phearsantaithe – Airteagal 5(1)(b) – Prionsabal an teorannaithe de réir cuspóra – Airteagal 5(1)(c) – Prionsabal an íoslaghdaithe sonraí – Airteagal 9(1) agus (2) – Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil – Sonraí maidir le gnéaschlaonadh – Sonraí a cuireadh ar fáil go poiblí ag an ábhar sonraí)

I gCás C-446/21,

IARRAIDH ar réamhrialú faoi Airteagal 267 CFAE, ón Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach, an Ostair), trí bhreith an 23 Meitheamh 2021, a fuarthas ag an gCúirt an 20 Iúil 2021, sna himeachtaí

Maximilian Schrems

v

Meta Platforms Ireland Ltd, Facebook Ireland Ltd roimhe seo,

AN CHÚIRT (an Ceathrú Dlísheomra),

agus í comhdhéanta mar seo a leanas: C. Lycourgos, Uachtarán Dlísheomra, O. Spineanu-Matei, J.-C. Bonichot, S. Rodin agus L.S. Rossi (Rapóirtéir), Breithiúna,

Abhcóide Ginearálta: A. Rantos,

Cláraitheoir: N. Mundhenke, Riarthóir,

ag féachaint don nós imeachta i scríbhinn agus tar éis éisteacht an 8 Feabhra 2024,

tar éis breithniú a dhéanamh ar na barúlacha arna dtíolacadh thar ceann na bpáirtithe seo a leanas:

– Maximilian Schrems, ag K. Raabe-Stuppnig, Rechtsanwältin,

– Meta Platforms Ireland Ltd, ag K. Hanschitz, H.-G. Kamann, S. Khalil, B. Knötzl agus A. Natterer, Rechtsanwälte,

* Teanga an cháis: an Ghearmáinis.

– Rialtas na hOstaire, ag A. Posch, J. Schmoll, C. Gabauer, G. Kunnert agus E. Riedl,

– Rialtas na Fraince, ag R. Bénard agus A.-L. Desjonquères, i gcáil Gníomhairí,

– Rialtas na hIodáile, ag G. Palmieri, i gcáil Gníomhaire, le cúnamh ó E. De Bonis, avvocato dello stato,

– Rialtas na Portaingéile, ag P. Barros da Costa, A. Pimenta, M. J. Ramos agus C. Vieira Guerra, advogados, i gcáil Gníomhairí,

– an Coimisiún Eorpach, ag A. Bouchagiar, F. Erlbacher, M. Heller agus H. Kranenborg, i gcáil Gníomhairí,

tar éis éisteacht le Tuairim an Abhcóide Ghinearálta ag éisteacht an 25 Aibreán 2024,

an Breithiúnas seo a leanas:

Breithiúnas

1 Baineann an iarraidh ar réamhrialú le léiriú Airteagal 5(1)(b) agus (c), Airteagal 6(1)(a) agus (b), agus Airteagal 9(1) agus (2)(e) de Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO 2016 L 119, lch. 1) ('RGCS').

2 Rinneadh an iarraidh seo in imeachtaí idir Maximilian Schrems, úsáideoir líonra sóisialta Facebook, agus Meta Platforms Ireland Ltd, Facebook Ireland Ltd roimhe seo, a bhfuil a oifig chláraithe in Éirinn, maidir leis an bpróiseáil neamhdhleathach a líomhnaítear a rinne an chuideachta sin ar shonraí pearsanta an úsáideora sin.

An dlí lena mbaineann

Dlí an Aontais

3 In aithrisí 1, 4, 39, 42, 43, 50 agus 51 de RGCS, foráiltear mar seo a leanas:

'(1) Ceart bunúsach is ea cosaint daoine nádúrtha i ndáil le próiseáil sonraí pearsanta. In Airteagal 8(1) den Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ("an Chairt") agus in Airteagal 16(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), foráiltear go bhfuil ag gach duine an ceart go ndéanfar na sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi a chosaint.

[...]

(4) Ba cheart an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a cheapadh ar chaoi agus go rachadh sí chun leas an duine. Ní ceart glan é an ceart go ndéanfaí sonraí pearsanta a chosaint; ní mór é a mheas i bhfianaise na feidhme atá aige sa tsochaí agus é a chothromú i gcoinne cearta bunúsacha eile, i gcomhréir le prionsabal na comhréireachta. Sa Rialachán seo urramaítear

na cearta bunúsacha uile agus comhlíontar na saoirsí agus na prionsabail a aithnítear sa Chairt mar a chumhdaítear sna Conarthaí iad, go háirithe urraim ar an saol príobháideach agus saol an teaghlaigh, ar an áit chónaithe agus ar chumarsáidí, urraim ar chosaint sonraí pearsanta do dhéanamh, an tsaoirse smaoinimh, coinsiasa agus reiligiúin, an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil, an tsaoirse chun gnó a sheoladh, an ceart chun leigheas éifeachtach agus chun triail chóir a fháil, agus an ceart i leith éagsúlacht chultúrtha, reiligiúnach agus teanga.

[...]

(39) Ba cheart aon phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta a bheith dleathach agus cothrom. Ba cheart é a bheith trédhearcach do dhaoine nádúrtha go ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann leo a bhailiú, a úsáid, a cheadú nó go ndéantar iad a phróiseáil ar bhealach eile agus a mhéid a dhéantar na sonraí a phróiseáil nó a dhéanfar iad a phróiseáil. [...] Ba cheart daoine nádúrtha a chur ar an eolas faoi rioscaí, rialacha, coimircí agus cearta a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta agus faoin mbealach lena gcearta a fheidhmiú i ndáil le próiseáil den sórt sin. Ba cheart, go háirithe, do na críocha sonracha ar chucu a dhéantar sonraí pearsanta a phróiseáil a bheith lánsoiléir agus dlisteanach agus ba cheart iad a chinneadh tráth bhailiú na sonraí pearsanta. Ba cheart na sonraí pearsanta a bheith leordhóthanach, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá chun na gcríoch a ndéantar iad a phróiseáil ina leith. Éilítear leis seo, go háirithe, go ndéantar a áirithiú go bhfuil an tréimhse a stóráiltear na sonraí pearsanta lena linn teoranta go dtí íosmhéid dhocht. Níor cheart sonraí pearsanta a phróiseáil ach mura bhféadfaí críoch na próiseála a bhaint amach go réasúnta ar bhealach eile. Chun a áirithiú nach gcoinnítear na sonraí pearsanta níos faide ná mar is gá, ba cheart don rialaitheoir teorainneacha ama a shocrú don léirscriosadh nó chun athbhreithniú tréimhsiúil a dhéanamh. [...]

[...]

(42) I gcás ina bhfuil próiseáil bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí, ba cheart don rialaitheoir a bheith in ann a thaispeáint gur thoiligh an t-ábhar sonraí leis an oibríocht próiseála. [...] Ionas go mbeidh an toiliú feasach, ba cheart don ábhar sonraí a bheith ar an eolas, ar a laghad, faoi chéannacht an rialaitheora agus faoi chríocha na próiseála a bheartaítear a dhéanamh ar na sonraí pearsanta. Níor cheart breathnú ar an toiliú mar thoiliú a tugadh faoi shaoirse mura bhfuil rogha atá dílis nó saor ag an ábhar sonraí nó mura bhfuil sé nó sí in ann diúltú don toiliú a thabhairt nó é a tharraingt siar gan díobháil.

(43) Chun a áirithiú go dtugtar an toiliú sin faoi shaoirse, níor cheart toiliú a bheith ina fhoras bailí dlíthiúil le sonraí pearsanta a phróiseáil i gcás sonrach ina bhfuil éagothromaíocht shoiléir idir an t-ábhar sonraí agus an rialaitheoir, go háirithe i gcás inar údarás poiblí é an rialaitheoir agus ní dócha, dá bhrí sin, gur tugadh an toiliú sin faoi shaoirse sna cúinsí uile a bhain leis an staid shonrach sin. Toimhdítear nár tugadh toiliú faoi shaoirse más rud é nach gceadaítear leis toiliú ar leithligh a thabhairt d'oibríochtaí próiseála sonraí pearsanta éagsúla in ainneoin gurb iomchuí é sin sa chás ar leith, nó más rud é go bhfuil comhlíonadh conartha, lena n-áirítear cur ar fáil seirbhíse, ag brath ar an toiliú sin, in ainneoin nach dteastaíonn toiliú den sórt sin le haghaidh comhlíonadh den sórt sin.

[...]

(50) Níor cheart an phróiseáil a dhéantar ar shonraí pearsanta chun críocha seachas na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos a cheadú ach amháin i gcás ina bhfuil an phróiseáil ag luí leis na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta chucu ar an gcéad dul síos. I gcás den sórt sin, níl gá le bunús dlí ar leith ón mbunús dlí lenar ceadaíodh bailiú na sonraí pearsanta. [...]

(51) Tá cosaint ar leith dlite do shonraí pearsanta ar de chineál fíor-íogair iad maidir le cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha, toisc go bhféadfaí rioscaí suntasacha a chruthú do na cearta bunúsacha agus saoirsí bunúsacha mar thoradh ar chomhthéacs a bpróiseála. [...] Sonraítear san aithris sin nár cheart sonraí pearsanta den sórt sin a phróiseáil, ach amháin má údaraítear próiseáil sna cásanna sonracha dá bhforáiltear sa Rialachán sin [...]. I dteannta na gceanglas sonrach maidir le próiseáil den sórt sin, ba cheart feidhm a bheith ag na prionsabail ghinearálta agus ag na rialacha eile atá sa Rialachán seo, go háirithe maidir leis na coinníollacha i ndáil le próiseáil dhleathach. Maoluithe ón toirmeasc ginearálta ar na catagóirí speisialta sonraí pearsanta sin a phróiseáil, ba cheart foráil a dhéanamh go sainráite maidir leo, *inter alia*, i gcás ina dtugann an t-ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú sainráite nó chun freastal ar riachtanais shonracha [...].'

4 Foráiltear an méid seo a leanas in Airteagal 4 den Rialachán sin:

'Chun críocha an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn "sonraí pearsanta" aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta ("ábhar sonraí"); [...]

(2) ciallaíonn "próiseáil" aon oibríocht nó aon sraith d'oibríochtaí a dhéantar ar shonraí pearsanta nó ar shraitheanna de shonraí pearsanta, trí mhodhanna uathoibrithe nó trí mhodhanna eile, amhail bailiú, taifeadadh, eagrú, struchtúrú, stóráil, oiriúnú nó athrú, aisghabháil, ceadú, úsáid, nochtadh trí tharchur, trí scaipeadh nó trí chur ar fáil ar bhealach eile, ailíniú nó comhcheangal, srianadh, léirscriosadh nó díothú;

[...]

(7) ciallaíonn "rialaitheoir" an duine nádúrtha nó dlítheanach, an t-údarás poiblí, an ghníomhaireacht nó an comhlacht eile a chinneann, ina aonar nó i gcomhpháirt, críocha agus modhanna na próiseála; i gcás ina gcinntear críocha agus modhanna na próiseála sin le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit, féadfar foráil a dhéanamh don rialaitheoir le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit nó féadfar foráil a dhéanamh do na critéir shonracha dá ainmniú le dlí an Aontais nó le dlí Ballstáit;

[...]

(11) ciallaíonn "toiliú" an ábhair sonraí aon chur in iúl atá sonrach, feasach agus gan athbhrí, a dhéanann an t-ábhar sonraí a thabhairt faoi shaoirse, trí ráiteas nó trí ghníomhaíocht shoiléir dhearfach, á rá gur mian leis nó léi aontú le próiseáil sonraí pearsanta a bhaineann leis nó léi;

[...]

(23) ciallaíonn "próiseáil trasteorann" ceann acu seo:

(a) próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaíochtaí i níos mó ná Ballstát amháin de chuid rialaitheora nó próiseálaí san Aontas, i gcás ina bhfuil an rialaitheoir nó an próiseálaí bunaithe i níos mó ná Ballstát amháin; nó
(b) próiseáil sonraí pearsanta a dhéantar san Aontas a dhéantar i gcomhthéacs gníomhaíochtaí bunaíochta aonair de chuid rialaitheora nó próiseálaí san Aontas ach a bhfuil éifeacht shubstainteach ag an bpróiseáil sin ar ábhair sonraí i níos mó ná Ballstát amháin nó gur dóchúil go mbeidh éifeacht shubstainteach aici orthu.

[...]'

5 Foráiltear mar a leanas in Airteagal 5(1) agus (2) den Rialachán sin, dar teideal 'Prionsabail a bhaineann le próiseáil sonraí pearsanta':

'1. Maidir le sonraí pearsanta:

(a) déanfar iad a phróiseáil ar bhealach atá dleathach, cothrom agus trédhearcach i ndáil leis an ábhar sonraí ("dlíthiúlacht, cothroime agus trédhearcacht");

(b) déanfar iad a bhailiú chun críocha sonraithe sainráite dlisteanacha agus ní dhéanfar iad a phróiseáil tuilleadh ar shlí atá ar neamhréir leis na críocha sin; [...] ("teorannú de réir cuspóra")

(c) beidh siad leormhaith, ábhartha agus teoranta don mhéid is gá maidir leis na críocha dá ndéantar iad a phróiseáil ("íoslaghdú sonraí");

[...]

(e) déanfar iad a choinneáil i bhfoirm nach gceadaítear léi na hábhair sonraí a shainaithint ach go ceann tréimhse nach faide ná mar is gá chun na críocha sin ar chucu a ndéantar na sonraí pearsanta a phróiseáil a bhaint amach; [...] ("teorannú stórála")

2. Is é an rialaitheoir a bheidh freagrach as mír 1 a chomhlíonadh, agus beidh sé in ann an comhlíonadh sin a thaispeáint ("cuntasacht").'

6 Foráiltear le hAirteagal 6 den Rialachán sin, dar teideal 'Dleathacht na próiseála':

'1. Ní bheidh an phróiseáil dleathach ach amháin má tá feidhm, agus a mhéid atá feidhm, le ceann díobh seo a leanas ar a laghad:

(a) tá toiliú tugtha ag an ábhar sonraí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil chun ceann amháin nó níos mó de chríocha sonracha;

(b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;

[...]

4. I gcás nach bhfuil an phróiseáil chun críche eile seachas an chríoch ar chuici a bailíodh na sonraí pearsanta bunaithe ar thoiliú an ábhair sonraí nó ar dhlí de chuid an Aontais nó ar dhlí Ballstáit atá mar bheart riachtanach agus comhréireach i sochaí dhaonlathach chun na cuspóirí

dá dtagraítear in Airteagal 23(1) a choimirciú, déanfaidh an rialaitheoir, d'fhonn fáil amach an bhfuil críoch na próiseála ag luí leis na críocha sin ar chucu a bailíodh na sonraí pearsanta ar an gcéad dul síos, na nithe seo a leanas, *inter alia*, a chur san áireamh:

(a) aon nasc idir na críocha ar bailíodh na sonraí pearsanta chucu agus na críocha atá leis an tuilleadh próiseála atá beartaithe;

(b) an comhthéacs inar bailíodh na sonraí pearsanta, go háirithe maidir leis an ngaol idir na hábhair sonraí agus an rialaitheoir;

(c) cineál na sonraí pearsanta, go háirithe an ndéantar catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil, de bhun Airteagal 9, nó an ndéantar sonraí pearsanta a bhaineann le ciontuithe coiriúla agus coireanna a phróiseáil, de bhun Airteagal 10;

(d) na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do na hábhair sonraí ag an tuilleadh próiseála atá beartaithe;

(e) an bhfuil coimircí iomchuí ann, ar a bhféadfar a áirithiú criptiú a dhéanamh nó ainm bréige a chur i bhfeidhm.'

7 Foráiltear mar seo a leanas le hAirteagal 7 de RGCS, dar teideal 'Coinníollacha maidir le toiliú':

'1. I gcás ina mbíonn an phróiseáil bunaithe ar thoiliú, beidh an rialaitheoir in ann a thaispeáint gur thug an t-ábhar sonraí toiliú go ndéanfaí a shonraí pearsanta nó a sonraí pearsanta a phróiseáil.

[...]

3. Beidh sé de cheart ag an ábhar sonraí a thoiliú nó a toiliú a tharraingt siar aon am is mian leis nó léi. Má tharraingítear siar toiliú ní dhéanfar difear do dhlíthiúlacht na próiseála atá bunaithe ar an toiliú sin a tugadh sular tarraingíodh siar é. Sula ndéanfaidh an t-ábhar sonraí toiliú a thabhairt, cuirfear ar an eolas faoin méid sin é nó í. Beidh sé chomh héasca céanna toiliú a tharraingt siar agus a bheidh sé é a thabhairt.

4. Agus measúnú á dhéanamh an bhfuil toiliú tugtha faoi shaoirse, cuirfear san áireamh go huile agus go hiomlán, *inter alia*, an é an ndéantar comhlíonadh conartha, lena n-áirítear seirbhís a sholáthar, coinníollach ar an toiliú le próiseáil sonraí pearsanta, ar próiseáil í nach bhfuil riachtanach chun an conradh sin a chomhlíonadh.'

8 Foráiltear le hAirteagal 9 den Rialachán sin, dar teideal 'Catagóirí speisialta sonraí pearsanta a phróiseáil', mar seo a leanas:

'1. Toirmeascfar próiseáil a dhéanamh ar shonraí pearsanta lena léirítear tionscnamh ciníoch nó eitneach, tuairimí polaitiúla, creideamh reiligiúnach nó fealsúnach, nó ballraíocht i gceardchumann, agus toirmeascfar próiseáil ar shonraí géiniteacha, ar shonraí bithmhéadracha chun duine nádúrtha a shainaithint go huathúil, ar shonraí a bhaineann leis an tsláinte nó ar shonraí a bhaineann le saol gnéis agus le gnéaschlaonadh duine nádúrtha.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 i gcás go mbeidh feidhm ag ceann amháin díobh seo leanas:

(a) thug an t-ábhar sonraí toiliú sainráite go ndéanfaí na sonraí pearsanta sin a phróiseáil ar mhaithe le críoch sonraithe amháin nó níos mó, seachas i gcás ina bhfuil foráil déanta i ndlí an Aontais nó i ndlí Ballstáit nach bhféadfaidh an t-ábhar sonraí an toirmeasc dá dtagraítear i mír 1 a chur i leataobh;

b) is gá an phróiseáil a dhéanamh chun conradh ar páirtí ann an t-ábhar sonraí a chomhlíonadh nó chun bearta a dhéanamh arna iarraidh sin ag an ábhar sonraí sula ndéanfaidh sé nó sí conradh;

[...]

(e) baineann an phróiseáil le sonraí pearsanta is follas gur chuir an duine is ábhar dóibh ar fáil go poiblí;

[...]'

9 In Airteagal 13 den Rialachán sin, a bhaineann leis '[an bh]faisnéis a bheidh le soláthar i gcás go mbailítear sonraí ón ábhar sonraí', foráiltear mar a leanas:

'1. I gcás go mbailítear sonraí pearsanta ábhar sonraí ón ábhar sonraí, tabharfaidh an rialaitheoir an fhaisnéis uile faoin méid seo a leanas don ábhar sonraí tráth a fhaighfear na sonraí pearsanta:

[...]

(c) críocha na próiseála dá bhfuil na sonraí pearsanta beartaithe chomh maith leis an mbunús dlí don phróiseáil;

[...]

3. I gcás ina bhfuil sé beartaithe ag an rialaitheoir na sonraí pearsanta a phróiseáil tuilleadh chun críche seachas an chríoch dar bailíodh na sonraí pearsanta, cuirfidh an rialaitheoir, sula ndéanfar an tuilleadh próiseála sin, faisnéis ar fáil don ábhar sonraí faoin gcríoch eile sin mar aon le haon fhaisnéis bhreise ábhartha dá dtagraítear i mír 2.

[...]'.

10 Foráiltear don mhéid seo a leanas in Airteagal 25(2) den Rialachán céanna:

'Cuirfidh an rialaitheoir bearta iomchuí teicniúla agus eagraíochtúla chun feidhme lena áirithiú nach bpróiseáiltear, mar réamhshocrú, ach na sonraí pearsanta sin atá riachtanach i gcás gach cuspóra shonraigh atá leis an bpróiseáil. Tá feidhm ag an oibleagáid sin maidir leis an méid sonraí a bhailítear, an oiread próiseála dhéantar orthu, an tréimhse a stóráiltear iad lena linn agus an rochtain atá orthu. Áiritheofar le bearta den sórt sin, go háirithe, nach gcuirfear sonraí pearsanta ar fáil mar réamhshocrú do líon éiginnte daoine nádúrtha gan idirghabháil ón duine aonair.'

An díospóid sna príomhimeachtaí agus na ceisteanna a tharchuirtear le haghaidh réamhrialú

11 Is é Meta Platforms Ireland, a bhainistíonn soláthar seirbhísí líonra shóisialta ar líne Facebook san Aontas Eorpach, atá freagrach as sonraí pearsanta úsáideoirí an líonra shóisialta sin san Aontas Eorpach. Níl aon bhrainse aige san Ostair. Cuireann Meta Platforms Ireland seirbhísí chun cinn, go háirithe ag www.facebook.com, a cuireadh ar fáil saor in aisce d'úsáideoirí príobháideacha go dtí an 5 Samhain 2023. Ón 6 Samhain 2023, níor lean na seirbhísí sin de bheith saor in aisce ach amháin d'úsáideoirí a d'aontaigh go mbaileofaí a sonraí pearsanta agus go n-úsáidfí iad chun fógraíocht phearsantaithe a dhíriú orthu, le rogha ag úsáideoirí síntiús íoctha a fháil chun rochtain a fháil ar leagan de na seirbhísí sin gan fógraíocht spriocdhírithe a fháil.

12 Maoiniú trí fhógraíocht ar líne atá mar bhunús de shamhail ghnó an líonra shóisialta ar líne Facebook, ar fógraíochtaí iad a thugtar ar bhealach dírithe d'úsáideoirí aonair an líonra shóisialta de réir, *inter alia*, a gcuid dearcthaí pearsanta tomhaltóra, a gcuid ábhar spéise, a leasanna agus a staide pearsanta. Cumasaítear fógraíocht den sórt sin go teicniúil trí phróifílí mionsonraithe d'úsáideoirí an líonra agus de sheirbhísí ar líne a thairgtear ar leibhéal ghrúpa Meta a bhunú go huathoibríoch.

13 Chun sonraí pearsanta de chuid úsáideoirí líonra sóisialta Facebook a phróiseáil, braitheann Meta Platforms Ireland ar an gcomhaontú úsáide lena nglacann úsáideoirí líonra shóisialta Facebook tríd an gcnaipe 'Cláraigh' a ghníomhachtú, agus lena nglacann na húsáideoirí sin le coinníollacha ginearálta seirbhíse na cuideachta sin. Tráth na bhfíoras sna príomhimeachtaí, bhí gá glacadh leis na coinníollacha sin chun úsáid a bhaint as líonra sóisialta Facebook. Maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil, tagraítear sna coinníollacha ginearálta do na beartais maidir le húsáid sonraí agus 'cookies' arna socrú ag an gcuideachta sin. De réir na mbeartas sin, bailíonn Meta Platforms Ireland sonraí maidir le húsáideoirí agus lena ngléasanna, a bhaineann le gníomhaíochtaí na n-úsáideoirí laistigh agus lasmuigh den líonra sóisialta, agus nascann sé na sonraí sin le cuntais Facebook na n-úsáideoirí lena mbaineann. Tagann na sonraí a bhaineann leis na gníomhaíochtaí lasmuigh den líonra sóisialta ('sonraí *off* Facebook'), ar an gcéad dul síos, ó shonraí a bhaineann le ceadú leathanach idirlín agus feidhmchlár tríú páirtí, atá nasctha le Facebook trí chomhéadain ríomhchláraithe ('Facebook Business Tools') agus, ar an dara dul síos, ó shonraí a bhaineann le húsáid seirbhísí eile ar líne ar le grúpa Meta iad, lena n-áirítear Instagram agus WhatsApp.

14 Roimh theacht i bhfeidhm RGCS, thug úsáideoirí Facebook a dtoiliú sainráite go ndéanfaí a sonraí a phróiseáil i gcomhréir le coinníollacha úsáide an chosantóra is infheidhme maidir leis an tréimhse sin. I bhfianaise theacht i bhfeidhm RGCS an 25 Bealtaine 2018, ghlac Meta Platforms Ireland coinníollacha úsáide nua an 19 Aibreán 2018 agus chuir siad faoi bhráid a úsáideoirí le haghaidh ceadú. Cuireadh bac ar a chuntas, ghlac Schrems leis na coinníollacha úsáide nua chun leanúint de Facebook a úsáid. Bhí an toiliú seo riachtanach chun a bheith in ann rochtain ar a chuntas a choinneáil agus na seirbhísí ábhartha a úsáid.

15 Tá roinnt 'uirlisí' curtha i bhfeidhm ag Meta Platforms Ireland chun go mbeadh úsáideoirí in ann forléargas agus smacht a bheith acu ar a sonraí a stóráiltear. Níl na sonraí go léir a dhéantar a phróiseáil infheicthe sna huirlisí seo, ach amháin má tá, de réir na cuideachta seo, leas agus ábharthacht leo d'úsáideoirí. Mar sin, is féidir le húsáideoir a iarrann amhlaidh a fheiceáil, mar shampla, go bhfuil feidhmchlár oscailte aige trína phróifíl Facebook, gur thug sé cuairt ar shuíomh Idirlín, go ndearna sé cuardach nó ceannach ar leith, nó gur chliceáil siad ar fhógra.

16 Úsáideann Meta Platforms Ireland ‘cookies’ (fianáin), ‘social plugins’ (breiseáin shóisialta) agus picteilíní mar a léiríonn a choinníollacha úsáide agus a threoirlínte. Ag baint úsáide as fianáin, is féidir leis foinse na gcuairteanna a aithint. Mura gcuirtear ‘cookies’ ar siúl, tá go leor seirbhísí a sholáthraíonn Meta Platforms Ireland inúsáidte. Déanann oibreoirí suíomh gréasáin tríú páirtithe ‘breiseáin shóisialta’ Facebook a ‘chur isteach’ ina leathanaigh. An cnaipe is coitianta ná cnaipe Facebook ‘Is maith liom’. Gach cuairt a thugtar ar leathanaigh Idirlín ina bhfuil an cnaipe seo, cuirtear na ‘cookies’ atá suiteáilte ar an ngléas úsáide, URL an leathanaigh ar tugadh cuairt air agus sonraí eile, mar an seoladh IP nó an t-am, ar aghaidh chuig Meta Platforms Ireland. Chun na críche sin, ní gá gur chliceáil an t-úsáideoir ar an gcnaipe ‘Is maith liom’, ós rud é gur leor féachaint ar leathanach Idirlín ar a bhfuil ‘plugin’ den sórt sin chun na sonraí sin a chuir chuig an gcuideachta sin ina dhiaidh sin.

17 Is léir ón ordú tarchuir go bhfuil ‘plugins’ le fáil freisin ar leathanaigh Idirlín na bpáirtithe polaitiúla agus ar leathanaigh atá dírithe ar phobal homaighnéasach ar thug Schrems cuairt orthu. Mar gheall ar na ‘plugins’ seo, bhí Meta Platforms Ireland in ann iompar Schrems ar an idirlíon a leanúint, rud a spreag bailiú sonraí pearsanta íogaire áirithe.

18 Cosúil leis na ‘social plugins’, is féidir picteilíní a chomhtháthú le leathanaigh an tsuímh idirlín agus é a chur ar a chumas faisnéis a bhailiú ar úsáideoirí a thug cuairt ar na leathanaigh seo d’fhonn, go háirithe, fógraíocht fúthu a thomhas agus a bharrfheabhsú. Mar shampla, trí pixel Facebook a chomhtháthú ina leathanaigh idirlín féin, is féidir le hoibreoirí leathanaigh idirlín tuairiscí a fháil ó Meta Platforms Ireland ar líon na ndaoine a chonaic a bhfógra ar Facebook agus a cheangail ansin lena leathanach Idirlín féin d’fhonn féachaint air nó ceannach a dhéanamh.

19 Dá bhrí sin, is gné riachtanach den fhógraíocht ar an idirlíon iad na ‘social plugs’ agus na picteilíní, i gcomhar le ‘cookies’, ós rud é go maoinítear formhór na n-ábhar atá ar fáil ar an idirlíon trí fhógraíocht. Go háirithe, fágann na ‘plugins’ gur féidir fógraí ábhartha a chur i leith úsáideoirí agus úsáideann na fógróirí chun feidhmíocht feachtas fógraíochta a thomhas chomh maith le faisnéis a fháil faoi ghrúpaí úsáideoirí spriocdhírithe.

20 Sa chás seo, is léir ón ordú tarchuir nár údaraigh Schrems do Meta Platforms Ireland a shonraí pearsanta a phróiseáil, sonraí a fuair sé ó fhógróirí agus ó chomhpháirtithe eile, maidir le gníomhaíochtaí Schrems lasmuigh de Facebook chun críoch fógraíochta pearsantaithe. Mar sin féin, fuair Meta Platforms Ireland sonraí áirithe a bhain le Schrems trí ‘cookies’, ‘breiseáin shóisialta’ agus teicneolaíochtaí inchomparáide a comhtháthaíodh ar shuíomhanna gréasáin tríú páirtithe agus bhain Meta Platforms Ireland úsáid astu chun feabhas a chur ar tháirgí Facebook agus chun fógraíocht phearsantaithe a sheoladh chuig Schrems.

21 Ina theannta sin, is léir ón gcinneadh sin freisin nár chuir Schrems sonraí íogaire in iúl ar a phróifíl Facebook, nach raibh ach a ‘chairde’ in ann féachaint ar a ghníomhaíochtaí nó ar an bhfaisnéis ar a ‘timeline’ (amlíne) agus nach raibh a ‘liosta cairde’ poiblí. Roghnaigh Schrems freisin gan cead a thabhairt do Meta Platforms Ireland úsáid a bhaint as réimsí a phróifíle a bhaineann lena stádas caidrimh, lena fhostóir, lena phost agus lena oideachas chun críoch fógraíochta spriocdhírithe.

22 Ar bhonn na sonraí atá ar fáil dó, áfach, is féidir le Meta Platforms Ireland leas Schrems in ábhair íogaire a shainaithint freisin, amhail sláinte, gnéaschlaonadh, grúpaí eitneacha agus páirtithe polaitiúla, rud a ligeann dó fógraíocht spriocdhírithe a sheoladh ar ghnéaschlaonadh nó ar chreideamh polaitiúil den sórt sin, mar shampla.

23 Dá bhrí sin, ar an gcéad dul síos, fuair Schrems fógra maidir le polaiteoir Ostarach, a bhí bunaithe ar an anailís a rinne Meta Platforms Ireland go raibh pointí i gcoiteann aige le húsáideoirí eile a mharcáil an polaiteoir leis an mbratach 'Is maith liom'. Ar an dara dul síos, fuair Schrems fógraí go rialta a bhí dírithe ar phobal homaighnéasach agus cuirí chuig imeachtaí ábhartha, cé nach raibh suim aige riamh roimhe seo sna himeachtaí sin agus nach raibh sé ar an eolas faoi áit na n-imeachtaí sin. Níl na fógraí agus na cuirí sin bunaithe go díreach ar ghnéaschlaonadh an iarratasóra sna príomhimeachtaí agus a 'chairde', ach ar anailís ar chroílár a gcuid leasa, sa chás seo toisc gur mharcáil cara le Schrems táirge tríd an gcnaipe 'Is maith liom' a bhrú.

24 Bhí anailís déanta ag Schrems maidir leis na tátail a d'fhéadfaí a thógail as a liosta cairde, rud a léirigh go raibh a sheirbhís shibhialta déanta aige ag an gCros Dhearg in Salzburg agus go raibh sé homaighnéasach. Ina theannta sin, áirítear ar liosta a ghníomhaíochtaí lasmuigh de Facebook, i seilbh Meta Platforms Ireland, *inter alia*, aipeanna agus suíomhanna gréasáin homaighnéasacha agus suíomh idirlín de chuid páirtí pholaitiúil Ostaraigh. Áirítear ar shonraí stóráilte an iarratasóra sna príomhimeachtaí freisin seoladh ríomhphoist nár léiríodh ina phróifíl Facebook, ach a d'úsáid sé chun iarrataí a sheoladh chuig Meta Platforms Ireland.

25 Is léir freisin ón ordú tarchuir go gcuireann Schrems in iúl go poiblí go bhfuil sé homaighnéasach. Mar sin féin, níor luaigh sé a chlaonadh gnéasach riamh ar a phróifíl Facebook.

26 Mhaígh Schrems os comhair an Landesgericht für Zivilrechtssachen Wien (an Chúirt Réigiúnach a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta, Vín, an Ostair) gur sháraigh próiseáil a shonraí pearsanta arna déanamh ag Meta Platforms Ireland roinnt forálacha RGCS. I ndáil leis sin, mheas sé nár chomhlíon a thoiliú le coinníollacha úsáide ardán digiteach an chosantóra sna príomhimeachtaí de cheanglais Airteagal 6(1) agus Airteagal 7 den Rialachán sin. Ina theannta sin, próiseálann Meta Platforms Ireland sonraí íogaire an iarratasóra sna príomhimeachtaí, de réir bhrí Airteagal 9 den Rialachán sin, gan an toiliú is gá chun na críche sin, de bhun Airteagal 7 den Rialachán sin. Ar an gcaoi chéanna, ní bheadh aon toiliú bailí ann maidir le próiseáil sonraí pearsanta Schrems a fuair Meta Platforms Ireland ó thríú páirtithe. Sa chomhthéacs sin, d'iarr Schrems, *inter alia*, go n-ordófaí don chosantóir deireadh a chur le próiseáil a shonraí pearsanta chun críoch fógraíochta pearsantaithe chomh maith le húsáid na sonraí sin a eascraíonn as ceadú suíomhanna gréasáin tríú páirtí a fuair triú páirtí.

27 Mheas Meta Platforms Ireland, ar an taobh eile, go ndearnadh próiseáil sonraí Schrems i gcomhréir le coinníollacha úsáide an líonra shóisialta ar líne, a bheadh ag teacht le ceanglais RGCS. Tá an phróiseáil sonraí sin dleathach agus níl sí bunaithe ar thoiliú an iarratasóra sna príomhimeachtaí a cheanglaítear le hAirteagal 6(1)(a) den Rialachán sin, ach ar údair eile, lena n-áirítear go príomha nádúr riachtanach na próiseála seo chun críocha chomhlíonadh an chonartha arna thabhairt i gcrích idir an t-iarratasóir agus an cosantóir sna príomhimeachtaí, de réir bhrí d'Airteagal 6(1)(b) den Rialachán sin.

28 Sna príomhimeachtaí, rinneadh tarchur chun réamhrialú cheana féin chuig an gCúirt Bhreithiúnais agus thug an chúirt sin breithiúnas an 25 Eanáir 2018, Schrems (C-498/16, EU:C:2018:37). Tar éis an bhreithiúnais sin, le breithiúnas an 30 Meitheamh 2020, dhiúltaigh an Landesgericht für Zivilrechtssachen Wien (an Chúirt Réigiúnach a bhfuil dlínse aici in imeachtaí sibhialta, Vín, an Ostair) d'iarratais Schrems. Ar an gcaoi chéanna, dhiúltaigh Oberlandesgericht Wien (Ard-Chúirt Réigiúnach, Vín, an Ostair), ar tugadh an t-achomharc os a comhair, don chaingean arna tíolacadh ag Schrems i gcoinne an bhreithiúnais sin ar an bhforas, *inter alia*, go raibh próiseáil a shonraí pearsanta, mar úsáideoir an ardáin ar líne, lena n-áirítear fógraíocht

phearsantaithe, ina dlúthchuid de chonradh úsáide an ardáin sin a tugadh i gcrích idir na páirtithe. Dá bhrí sin, is gá na sonraí sin a phróiseáil chun an conradh sin a chomhlíonadh, de réir bhrí Airteagal 6(1)(b) de RGCS.

29 Agus é ag éisteacht le hachomharc ar phointe dlí a rinne Schrems, tugann an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach) faoi deara gurb é atá i samhail ghnó Meta Platforms Ireland ioncam a ghiniúint trí fhógraíocht spriocdhírithe agus trí ábhar tráchtála atá bunaithe ar roghanna agus leasanna úsáideoirí Facebook trí shonraí pearsanta na n-úsáideoirí sin a phróiseáil. A mhéid a chuireann sé ar chumas Facebook seirbhísí a thairiscint dá úsáideoirí saor in aisce, d'fhéadfaí a mheas go bhfuil gá leis an bpróiseáil sin chun an conradh arna thabhairt i gcrích leis na húsáideoirí sin a chomhlíonadh, de réir bhrí Airteagal 6(1)(b) de RGCS.

30 Mar sin féin, de réir na cúirte sin, níor cheart go gceadófaí leis an bhforáil sin, nach mór a léirmhíniú go sriantach, próiseáil sonraí den sórt sin in éagmais thoiliú an duine lena mbaineann.

31 Ina theannta sin, tugann an chúirt sin faoi deara go bpróiseálann Meta Platforms Ireland sonraí pearsanta a d'fhéadfaí a aicmiú mar shonraí 'íogaire', de bhun Airteagal 9(1) de RGCS.

32 Sa chás seo, próiseálann Meta Platforms Ireland sonraí a bhaineann le ciontuithe polaitiúla agus gnéaschlaonadh Schrems. De réir chinntí an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach), déanann Schrems cumarsáid go poiblí faoina ghnéaschlaonadh. Go háirithe, i gcomhthéacs cruinniú comhchéime ar fhreastail sé air i Vín an 12 Feabhra 2019, ar chuireadh ó Ionadaíocht an Choimisiúin Eorpaigh san Ostair, thagair Schrems dá ghnéaschlaonadh chun cáineadh a dhéanamh ar phróiseáil sonraí pearsanta a dhéanann Facebook, próiseáil a shonraí féin san áireamh. Mar sin féin, agus mar a dúirt sé freisin ar an ócáid sin, níor luaigh Schrems an ghné seo dá shaol príobháideach riamh ina phróifíl Facebook.

33 De réir na cúirte sin, tagann an cheist chun cinn, dá bhrí sin, ar chuir an t-úsáideoir lena mbaineann sonraí pearsanta íogaire a bhaineann leis ar fáil don phobal go follasach agus ar údaraigh sé, dá bhrí sin, na sonraí sin a phróiseáil, de bhun Airteagal 9(2)(e) de RGCS.

34 Sna himthosca sin, chinn an Oberster Gerichtshof (an Chúirt Uachtarach) bac a chur ar na himeachtaí agus na ceisteanna seo a leanas a tharchur chuig an gCúirt Bhreithiúnais i gcomhair réamhrialú:

